An tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí 2014

# Ordú Seirbhíse

## do Ghníomh Éacúiméineach an Adhartha

### An amhlaidh atá Críost roinnte ina choda?



## I. Ag tionól i ndóchas agus in éineacht

### Iomann tosaigh

*Féadfaidh ceannairí an adhartha agus daoine eile a bheith ag teacht isteach de réir a chéile.*

### Tionól an phobail

CEANNAIRE Grásta agus síocháin ó Dhia ár nAthair agus ón Tiarna Íosa Críost chugaibh (1 Cor 1.3)

CÁCH **Bímid ag síorghabháil buíochais le Dia.**

*Murar tugadh beannacht áitiúil go fóill, féadfar ceann a thabhairt ag an bpointe seo.*

CEANNAIRE I gCeanada a cuireadh tús leis an ullmhúchán i gcomhair adhradh an lae inniu. San Iroquois (an fuaimniú atá leis ná iarac-mha), ceann amháin de theangacha na Chéad Náisiún sa tír sin, is í an bhrí atá le 'Ceanada' ná sráidbhaile. Is dócha go bhféadfaí a rá go bhfuil Críostaithe an domhain trí chéile ag maireachtáil in aon 'sráidbhaile' amháin agus iad ina mbaill de phobal Dé. Agus Críostaithe i mbun adhartha, déanann siad ceangal leis an sráidb haile domhanda seo atá lán áilleachta, lán streachailte, lán dóchais.

Guímís.

A Dhia an ghrá, glaonn tú ar gach aon duine – ó thithe agus ó ghoirt, ó mhianaigh agus ó mhonarchana, ó scoileanna agus ó shiopaí, ó bháid iascaigh agus ó bhólachta, ó oifigí agus ó ospidéil, ó phríosúin agus ó ionaid choinneála – le bheith in éineacht agus i bpáirt lenár dTiarna Íosa Críost.

CÁCH **Bímís ar aon fhocal agus ar aon aigne i gCríost.**

CEANNAIRE Tá gnás ársa ag roinnt de na Chéad Náisiúin i gCeanada a bheith ag féachaint amach i dtreonna difriúla agus iad i mbun paidreacha a rá. Tagaimís le chéile trí phaidir dá gcuid a rá, agus sinn ag féachaint amach sa treo cuí.

*Aghaidh soir*

CEANNAIRE Ón áit thoir ina n-éiríonn an ghrian a fhaighimid síocháin, solas, agus saíocht.

CÁCH **Táimid buíoch díot a Dhia as na tíolacthaí seo.**

*Aghaidh ó dheas*

CEANNAIRE Aneas a thagann treoir, teas, agus deireadh saoil.

CÁCH **Táimid buíoch díot a Dhia as na tíolacthaí seo.**

*Aghaidh siar*

CEANNAIRE Aniar a thagann báisteach agus uiscí glantacha a chothaíonn gach dúil bheo.

CÁCH **Táimid buíoch díot a Dhia as na tíolacthaí seo.**

*Aghaidh ó thuaidh*

CEANNAIRE Ón áit thuaidh as a dtagann sneachta bán agus gaoth fhuar fhorthréan a fhaighimid neart agus seasmhacht.

CÁCH **Táimid buíoch díot a Dhia as na tíolacthaí seo.**

*Aghaidh in airde*

CEANNAIRE Ó na flaithis anuas a fhaighimid an dorchadas, an solas, agus d'anáil bheatha.

CÁCH **Táimid buíoch díot a Dhia as na tíolacthaí seo.**

*Aghaidh le fána*

CEANNAIRE Ón talamh a thagaimid, agus is air a fhillfimid.

CÁCH **Táimid buíoch díot, a Dhia, as an dea-chruthú, an domhan seo atá mar bhaile dúinn.**

CEANNAIRE Teastaíonn uainn a bheith ag siúl an bhóthair chirt a Dhia, ag maireachtáil ar an domhan seo mar ba cheart do dheartháireacha agus dheirfiúracha; ag baint sásaimh as beannachtaí a chéile, ag dé anamh comhbhá le buartha a chéile. In éineacht leat féin, in ainm Íosa, agus le hanáil mhúscailte an Spioraid, déanaimís athnuachan ar dhroim na talún.

CÁCH **Áiméan.**

IOMANN MOLTA

PAIDREACHA AITHREACHAIS

CEANNAIRE Tugann achainí Phóil ar phobal na Corainte ár ndúshlán, agus ba mhaith linn faoistin a dhéanamh inár bpeacaí. A Dhia an ghrásta, trína bheith rannpháirteach le do mhac, tá saibhreas urlabhra agus saíochta againn.
De thoradh an mhórtais atá orainn, is dóigh linn gur uainn féin a fuaireamar na buanna seo go léir, seachas a bheith ag gabháil buío chais leis an té a bhronn orainn iad an chéad lá. Maith dúinn é, a Thiarna.

CÁCH **A Thiarna, déan trócaire *nó* *Kyrie eleison*.**

CEANNAIRE A Dhia an ghrásta, is mór iad na buanna a bhronn tú orainn. Ní haon easnamh spioradálta atá orainn mar gheall ar a bheith rannpháirteach le Críost. Ach fós táimid ró-fhéinlárnach chun iontas an tsoiscéil shlánaithe a roinnt le daoine eile. Maith dúinn é, a Thiarna.

CÁCH **A Thiarna, déan trócaire *nó* *Kyrie eleison*.**

**Ceannaire** A Dhia an ghrásta, glaonn tú sinn chun comhbhráithreachais le do mhac, Íosa Críost. Ach fós, níl díogras mar is ceart orainn i dtreo na haontachta, agus maireann deighiltí éagsúla eadrainn i gcónaí. Maith dúinn é, a Thiarna.

**Cách** **A Thiarna, déan trócaire** *nó* ***Kyrie eleison.***

**Ceannaire** A Dhia an ghrásta, fanann tú dílis in ainneoin gur léir duit ár gcuid laigí. De rath do Spioraid Naomh, déan ár ndíogras a athnuachan chun go dtabharfaimid ómós dár gcúnant aontachta leat féin, lena chéile, agus leis an gcruthú trí chéile

**Cách** **Áiméan.**

## II. Ag éisteacht le Briathar Dé

### Léamha ón scrioptúr

| | |
|---|---|
| Íseáia 57: 14-19 | Leigheas Shíocháin Dé |
| Salm 36: 5-10 | Grá síoraí Dé |
| 1 Corantaigh 1: 1-17 | Glaoch chun na haontachta |
| Marcas 9: 33-41 | A bhfuil i gceist le seirbhís umhal. |

### Seanmóir/Aitheasc

## III. Ag freagairt i ndóchas agus in éineacht

### Cré na nAspal (leagan meadarach)

Creidimid in uilechumhacht Dé
cruthaitheoir talún is neimhe,
‘is in Íosa Críost, aon mhac Dé
a gabhadh ón Spiorad Naomh.

Ár dTiarna, a gineadh ar óigh,
an té a d’fhulaing an pháis,
a chuaigh trí phian Phíolóide,
a céasadh, is a fuair bás.

D’éirigh sé an treas lá ó mharbh,
tar éis dó dul ar ifreann.
Chuaigh sé suas arís ar neamh,
ina shuí ar dheis Dé ann.

Creidimid in aiséirí Chríost,
taobh le Dia, rí ar neamh,
a thiocfaidh ar domhan arís,
breitheamh beo agus marbh.

Spiorad Dé agus comaoin Naomh,
eaglais amháin, bun agus barra;
coimeádann grá gach ní mar aon,
trí Chríost, ár dTiarna, cara.

Mar phobal amháin, le glóir Dé,
creideamh, is maitheamh peacaí,
éireoimís i gCríost le chéile,
D’aon leith chun beatha shíoraí.

### Málartú éacúiméineach bronntanas spioradálta

*Faigheann gach duine bronntanais spioradálta óna chéile. Tugtar na bronntanais chun tosaigh, agus cuirtear ar bhord iad. D’fhéadfadh ceannaire an múnla seo a leanas a úsáid chun na bronntanais a fhógairt:*

**Ceannaire** *Táimid buíoch as an _____, a bhfuil _____ ina shiombail dó, a fuaireamar ó _____.*

**Cách** **Táimid buíoch díot a Dhia as na tíolacthaí seo.**

## Comhartha síochána

**Ceannaire** A Thiarna Íosa Críost, is é a dúirt tú le do chuid aspal ná: "Fágaim mo shíocháin agaibh, tugaim mo shíocháin daoibh". Ná bí ag cuimhneamh ar ár gcuid peacaí, ach ar dhílseacht d'eaglaise, agus tabhair dúinn síocháin agus aontacht na séimhchathrach.

**Cách** **Áiméan.**

**Ceannaire** Nuair a tháinig na Francaigh go Ceanada sa seachtú agus san ochtú haois déag, d'aimsigh siad áit a bhí lán acmhainní. Ba é Don de Dieu (nó "bronntanas Dé") ainm na loinge a thug go Cathair Québec iad. Baineann an frása Don de Dieu, "bronntanas Dé" leis an Eocairist ar shlí, dá bhrí sin, mar chomhartha síochána agus mar shlí leis na bronntanais a fhaighimid óna chéile a aithint, abraimís Don de Dieu lena chéile agus le Ceanadaigh Fhrancacha.

**Cách** **Don de Dieu.**

*Beannaíonn an lucht adhartha dá chéile trí chroitheadh láimhe a dhéanamh le chéile nó trí umhlú dá chéile an fhad atá siad ag rá "Don de Dieu". D'fhéadfaí ceol uirlise bunaithe ar an bhfonn Naomh Columchille a chur isteach sa chuid seo den tseirbhís.*

## An tIdirghuí

*Leanann an t-idirghuí seo téamaí na n-ocht sprioc atá ag na Náisiúin Aontaihe i gcomhair na Mílaoise.*

**Guth 1** Cuimhnímís ar na daoine atá ag fulaingt de bharr bochtanais agus ocrais.

**Guth 2** Téann nach mór billiún daoine chun na leapa san oíche gan dóthain bia a bheith faighte acu, agus tá dhá billiún eile ann a fhaigheann bás gach bliain de bharr míchothaithe.

**Guth 3** A Dhia an ghrástat, guímís go mbeidh deireadh leis an bhfulaingt, agus go mbeadh ceartas agus síocháin ann.
Éist lenár bpaidir,

**Cách** **agus, le grá, tabhair freagra!**

**Guth 1** Cuimhnímís orthu siúd atá ag streachailt chun oideachas do chách a bhaint amach.

**Guth 2** Tá timpeall ar mhilliún páiste atá ar aois scoile gan a bheith ar scoil in aon chor.

| | |
|---|---|
| GUTH 3 | A Dhia an ghrásta, guímís go gcloífear tart an domhain,<br>agus go gcomhlíonfar lánachmainneacht gach aon pháiste.<br>Éist lenár bpaidir, |
| CÁCH | **agus, le grá, tabhair freagra!** |
| GUTH 1 | Cuimhnímís orthu siúd a bhíonn ag stocaireacht i gcomhair comhionannais inscne. |
| GUTH 2 | Is mná iad leath de dhaonra an domhain, ach ina ainneoin sin, is iadsan a dhéanann dhá thrian de na huaireanta a chloig ar fad a dhéantar, gan ach deichiú de theacht isteach an domhain a fháil, gan ach céadú de mhaoin an tsaoil a bheith i seilbh acu. |
| GUTH 3 | A Dhia an ghrásta, guímís go bhféadfaimid ómós a thabhairt do do dheilbh sa chine daonna.<br>Éist lenár bpaidir, |
| CÁCH | **agus, le grá, tabhair freagra!** |
| GUTH 1 | Cuimhnímís orthu siúd a bhíonn ag obair chun sláinte páistí a chinntiú. |
| GUTH 2 | Faigheann tuairim is naoi milliún páiste faoi bhun cúig bliana d'aois bás gach aon bhliain. |
| GUTH 3 | A Dhia an ghrásta, guímís go bhféadfaimid aire a thabhairt do dhaoine de gach aois,<br>faoi mar a bheimis ag tabhairt aire do Chríost féin.<br>Éist lenár bpaidir, |
| CÁCH | **agus, le grá, tabhair freagra!** |
| GUTH 1 | Cuimhnímís ar na mná go léir a bhíonn ag tabhairt leanaí ar an saol. |
| GUTH 2 | Faigheann níos mó ná 350,000 bean bás in aghaidh na bliana de bharr castachtaí le linn dóibh a bheith torrach nó i mbun breithe clainne. Is as tíortha i mbéal forbartha do 99% acu. |
| GUTH 3 | A Dhia an ghrásta, guímis go dtabharfar aire mar is ceart amach anseo, ionas nach gcaillfearr a thuilleadh gan chéill.<br>Éist lenár bpaidir, |
| CÁCH | **agus, le grá, tabhair freagra!** |
| GUTH 1 | Cuimhnímís orthu siúd a bhíonn ag cur in aghaidh SEIF agus VEID, maláire, agus gach aon chineál galair eile atá ann. |
| GUTH 2 | Gach aon lá, tógann breis agus 7,400 duine VEID, agus faigheann 5,500 duine eile bás de bharr galar a bhfuil baint acu le SEIF.<br>Faigheann páiste bás de bharr maláire gach 45 soicind. |

| | |
|---|---|
| GUTH 3 | A Dhia an ghrásta, guímís ar a son siúd<br>a gcliseann ar a ndóchas, agus a sciobtar a ndínit uathu, mar gheall ar an mbreoiteacht.<br>Éist lenár bpaidir, |
| CÁCH | **agus, le grá, tabhair freagra!** |
| GUTH 1 | Cuimhnímís ar dhroch-thorthaí na droch-aire a thugaimid don chruthú. |
| GUTH 2 | Tá beagnach 17,000 speiceas plandaí agus ainmhithe i mbaol a ndíothaithe, agus is ag méadú atá an líon sin in aghaidh an lae |
| GUTH 3 | A Dhia an ghrásta, guímís go mbeimid ciallmhar,<br>agus cúram an domhain ar láimh againn.<br>Éist lenár bpaidir, |
| CÁCH | **agus, le grá, tabhair freagra!** |
| GUTH 1 | Cuimhnímís orthu siúd atá ag saothrú ar son páirtíocht dhomhanda. |
| GUTH 2 | Tá na hacmhainní againn chun deireadh a chur leis an mbochtanas, ach beidh orainn go léir a bheith rannpháirteach san iarracht le go mbainfear é sin amach. |
| GUTH 3 | A Dhia an ghrásta, guímís gur le chéile a ghlacfaimid leis an dúshlán.<br>Éist lenár bpaidir, |
| CÁCH | **agus, le grá, tabhair freagra!** |
| CEANNAIRE | Abraimís *Paidir an Tiarna* le chéile. |

**Ár nAthair atá ar neamh,**
**go naofar d'ainm,**
**go dtaga do ríocht,**
**go ndéantar do thoil ,**
**ar an talamh mar a dhéantar ar neamh,**
**ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu,**
**Agus maith dúinn ár bhfiacha,**
**Mar a mhaithimidne ár**
**bhféichiúnaithe féin,**
**Agus ná lig sinn i gcathú,**
**ach saor sinn ó olc.**
**Áiméan.**

## IV. AG DUL CHUN CINN SA SAOL SEO

### IOMANN TAIRISCEANA

*D'fhéadfaí bailiúchán a chur ar bun ag an bpointe seo.*

## Tiomnú chun na haontachta

| | |
|---|---|
| Ceannaire | D'impigh Pól ar Chríostaithe na Corainte a fhios a bheith acu ina gcroí istigh agus a léiriú ina ngníomhartha nach bhfuil Críost roinnte ina choda.<br>Fógraímís go bhfuilimid tiomnaithe do bheith aontaithe in Íosa Críost. |
| Cách | **Le chéile a fhógraimid a chuid dea-nuachta!** |
| Ceannaire | Tá saibhreas againn sna tabhartais a bhronn an tAthair orainn in Íosa Críost. |
| Cách | **Le chéile a fhógraimid a chuid dea-nuachta!** |
| Ceannaire | Tá beannacht Chríost againn. |
| Cách | **Le chéile a fhógraimid a chuid dea-nuachta!** |
| Ceannaire | Táimid ar aon fhocal agus ar aon ghníomh in Íosa Críost. |
| Cách | **Le chéile a fhógraimid a chuid dea-nuachta!** |
| Ceannaire | Socróimid ár gcuid achrann i dtaobh an té a céasadh ár ar son. |
| Cách | **Le chéile a fhógraimid a chuid dea-nuachta!** |
| Ceannaire | Níl Críost roinnt ina choda. |
| Cách | **Le chéile a fhógraimid a chuid dea-nuachta!** |

## Iomann seolta

## Beannacht agus seoladh amachth

| | |
|---|---|
| Ceannaire | Go raibh an Tiarna libh. |
| Cách | **Agus leat féin.** |
| Ceannaire | Go nochta an Tiarna a ghnúis duit agus go dtaitní sí ort.<br>Go gcumhdaí an Tiarna thú le linn duit a bheith i mbun freastail air.<br>Go líona a lúcháir do spiorad.<br>Go mbeannaí Dia uilechumhachtach, an tAthair, an Mac, agus an Spiorad Naomh tú,<br>agus gura beannaithe go deo tú. |
| Cách | **Áiméan.** |
| Ceannaire | Imigh faoi shíocháin,<br>go raibh fáilte romhat,<br>go raibh braistint mhuintearais agat san áit a bhainfidh tú amach,<br>go raibh grá agat agus ort,<br>go ndéana tú freastal, agus go bhfaighe tú cothú. |
| Cách | **Buíochas mór le Dia!** |